

# ☼ An Lúibín ☼

26 Meitheamh 2013

## Eagarfhocailín

Tá moill ar An Lúibín uaireanta agus cúiseanna difriúla leis. Cúrsaí litríochta ba chúis leis an moill áirithe seo, agus is iomaí duine a chuaigh ar seachrán de bharr na scrioblála.

Tá an-suim againn in úsáid stairiúil na Gaeilge taobh amuigh d'Éirinn – san Eoraip, sna Stáit, i gCeanada, sna hIndiacha Thiar, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Tá tagairt déanta don scéal sin thíos, agus fáilteimid roimh aon bhlúire eolais eile a thiocfaidh an treo.

## Aighneas an Pheacaigh leis an mBás

File fíorchráifeach ba ea Pádraig Denn (1756–1828) (féach <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1066>) agus éileamh an domhain ar a shaothar i gCúige Mumhan. Sa Chúil Rua i gCo. Phort Láirge a rugadh é, agus ba de shliocht an léinn é: bhí scoil scairte ag a athair Labhrás. Bhí aithne mhaith aige, más fíor, ar fhile iomráiteach eile, Thadhg Ghaelach Ó Súilleabháin. É ina mhúinteoir i gCeapach Choinn agus ina chléireach sa séipéal; agus é ar an gcéad fhile Gaeilge a chonaic a shaothar i gcló. Ní raibh aon dán dá chuid is mó a raibh dúil ag daoine ann ná *Aighneas an Pheacaigh leis an mBás*, saothar a cuireadh i gcló sa bhliain 1814.

Bhí an-ghlaoch ar an *Aighneas* i measc na seanfhundóirí san Astráil, rud a fhágann gur cuid de litríocht traidisiúnta na tíre é. (Tá sé thar am, ar ndóigh, duanaire Gaeilge Astrálach a chur i dtoll a chéile.) Cuid de choinsias (agus de chomhfhios) coiteann sóisialta an phobal ba ea a leithéid: guth a d'fhógair ar an té a chuaigh thar fóir agus a sháraigh na srianta. Is é an Bás an Bhreith: is é an mhoráltacht bheo é agus oibriú neamhphearsanta an ama. Feicimid ann deireadh an tsaoil seo agus tús saoil eile, guth Dé agus riail dhaingean dhian nach gceadaíonn leithscéal ná lúbaireacht. Lúbaire is ea an Peacach, é in achrann i ndris agus i bpléisiúr an tsaoil seo.

Cuid de chorpas litríochta na Mumhan, idir litríocht bhéil agus litríocht scríofa, is ea an dán seo, agus tugann sé corrléargas ar chanúint an fhile féin: *thánga, ní rinn mé, má ghní mé*. Úsáidtear seanleagan liteartha den fhocal 'saol' (*saogal*) uaireanta chun an méid ceart siollaí a shocrú. Leagadh slat na nualitrithe ar na véarsaí thíos, más go héadrom é.

Ní haon rud nua é an t-aighneas i bhfilíocht na Gaeilge, agus faill ag an bhfile le comhrá bríomhar gonta a chur ar siúl – caint ar furasta meabhrú uirthi. A leithéid sin atá le fáil anseo.

### *An Bás.*

Is chugat a thánga, a pheacaigh chríonna,  
Le hórdú láidir thú 'bhreith den saol so,  
Go dtabharfá cuntas id' dhrochghníomhartha,  
Don Rí fuair bás ar an gcrois Dé hAoine.

### *An Peacach.*

Cé hé tusa atá labhairt chomh dána  
Le seanóir liath 'tá fé chiach chráite ?  
Och, mo chantla ! is fann atáimse,  
Is mo chroí dá bhriseadh le huireaspa sláinte.

*An Bás.*

Mise an Bás, atá lán do thréan-neart,  
Do leag ar lár clann Ádhamh go léircheart ;  
Leagfad tusa anois mar aon leo,  
Is béarfad ód' mhaoin gan bhri fá chré thú.

*An Peacach.*

Éist ! a Bháis, tabhair cairde fós dom,  
Ná déan mo chreacha 's ná marbhaigh go fóill mé  
Go ndéanfadh aithrí im' pheacaibh móra,  
Is go ndíolfadh m'fhiacha le Rí na Glóire.

*An Bás.*

Is fada an cairde fuairis go dtí seo,  
An fhaid eile dá bhfaighfeá 'rís é,  
Mar mhair tú riamh, do mhairfeá choíche,  
Dá fhaid é an cluiche go deireadh do scríbe.

*An Peacach.*

Ní hamhlaidh 'mhairfinn, geallaim óm' chroí dhuit,  
Ach im' aithríoch dhian fá chiach ag caoighol,  
Ag tabhairt sásaimh do Dhia 's do dhaoine,  
Im' dhroch-chleachta is im' bheartaibh baoise.

*An Bás.*

Is mó geallúint fhallsa thugais id' shaol uait,  
Do fhear-ionad Dé fá éide Íosa,  
Go dtréigfeá an peaca 's go mairfeá mín, tais,  
Fá rialacha naofa gan a dtréigean choíche.

*An Peacach.*

O ! is fíor gur gheallas don tsagart, ní bréagach,  
Go ndéanfainn faoistín fhada mo bheatha le chéile ;  
Ach curam an tsaoil 's an cíos ag glaoch orm,  
Do chráigh sé riamh 's do chiap go léir mé.

(I ndeireadh an dáin, tar éis roinnt mhaith véarsaí eile, tá an bua ag an mBás.)

*An Bás.*

Ní bhfaighidh tú cairde, a chneamhaire an éithigh,  
Do thuill tú ó Chríost go fíor thú 'dhaoradh,  
Mar do thréigis riamh a riail 's a naofacht,  
Is béarfadsa id' bhráighe tú i láthair an Aon Mhic.

Lena linn sin tharraing an seandúine saoltach,  
Osna throm is le scanradh d'éag sé ;  
I lár a phianta is na diabhail dá aoracht,  
Chun é 'sgiobadh leo go deo le saogal.



## Gaeilge oifigiúil an AE

Fiú mura bhfuil dá laghad agat i ngnóthaí an Aontais Eorpaigh, tabhair súil ar leagan Gaeilge de leathanach na hÉireann ar shuíomh an AE. Dá mhéad duine a fhéachann air is ea is fearr, agus b'fhéidir (do do mhíle buíochais) go dtiocfá ar eolas éigin suimiúil.

Is é an suíomh atá i gceist <http://www.eu2013.ie> (roghnaigh 'Gaeilge').



## An deoraí agus an file

In *An Músgraigheach 1*, Meitheamh, 1943 (<http://www.musgrai.com/>), gheobhaidh tú píosa le Gearóid Ó Murchadha dar teideal 'Filíocht na Gnáth-Chainte,' agus é ag cur síos ar Sheán Ó Sé, fear aitheantais leis a 'ritheadh cainteanna chuige uaireanta ana-thiubh' agus a fuair bás tamaillín roimhe sin in aice Bhaile an Scailig i nUíbh Ráthach. Sa bhliain 1932 d'ínis Seán an scéal seo leis (agus litriú na canúna fós air):

Duine muínteartha dhom do bhí lé trí bliana 's dahad i nAmerice, do bhí filíocht aige; agus do thánguig sé 'nall, tá cúig bhlian' ó shin. Ní fada bhí sé 'bhfus i bhfochair na ndaoine muínteartha nuair d'imi sé 'rís. Ní raghach saé go deó an' - bhí sé chómh huaigineach san ag imeacht - mara mbeach an chlann a bheith 'na dhiaig an i nAmerice. Thug sé trí phóg don pháirc san áit go roibh na báid a' teacht isteach ó bheith ag iasgach. Ach do bhuaileas féin leis an lá shar ar imi sé. Ach sid é mar aduart leis:

*Dob fhearra dhoit lonnú 'nsan áit seo  
Ná bheith ag imeacht thar sáile 'rís,  
Go bhfaghfá aithrí 'gus bás math,  
As go gcuirfí do chnámha fén líog.  
Do bheach píopaí 's tobac ar clár ort,  
Pórtar le fáil agus fion;  
Agus do chaoineach do cháirde go hárd tu  
Sa mhainistir bhreá Mhíhíl!*



## Bliain na Gaeilge

B'fhéidir nach bhfuil a fhios agat, a léitheoir, gurb í seo Bliain na Gaeilge agus é de dhualgas ort an teanga úd a chur á labhairt as seo go Nollaig seachas mar a dhéanfaí in aon bhliain eile.

Is deacair a fheiceáil cén toradh a bheidh uirthi seo, go háirithe in Éirinn, áit nach labhrófá Gaeilge ar eagla go gcloisfí thú. Ní furasta an comhrá a choinneáil ar bun i dtíortha eile ach oiread. Mar sin féin. más breis eolais atá uait, gheobhaidh tú é ag <http://gaeilge2013.ie/>. Léigh leat.



## An Straitéis agus an mhoill mhór

Sa cháipéis aislingeach úd, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, déantar trácht ar 'an staid ina dtairgfear páirt-tumadh sa Ghaeilge do gach leanbh'. Ní dhearmadtar gur gá 'inniúlachtaí múinteoirí a neartú sa réimse sin trí chlár cuimsitheach infheistíochta d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí'. D'fhéadfaí roinnt ábhair phríomhshrutha a theagasc trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge sna bunscoileanna sna blianta láir agus sna hardbhlianta.

*Ar deireadh, is é an aidhm atá ann...go mbeidh oideachas páirt-tumtha i nGaeilge á thairiscint in ábhair eile do gach dalta sna scoileanna príomhshrutha a bhíonn ag gabháil don Ghaeilge mar chroí-ábhar. Bainfear na bearta sin amach ar bhonn céimnithe agus le cuidiú leis sin, déanfar infheistíocht i mbreisoiliúint múinteoirí.*

Deir an Straitéis go ndéanfar tumoideachas a sholáthar trí Ghaeilge i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta. Cuirfear gaelscoileanna agus naíonraí chun cinn. Tá na blianta fada rompu fós chun an Straitéis a chur i bhfeidhm ina hiomláine, ach is é an páirt-tumoideachas an chuid is práinní den scéal agus is beag atá déanta go dtí seo ina thaobh.

Is binn iad na moltaí seo: ach is beag dul chun cinn atá déanta. Ba mhór an gaisce dóibh í a fháil foilsithe féin, agus agus is í an chuid is fusa den Straitéis atá á cur i bhfeidhm. Ina theannta sin, tharla cúlú eacnamíoch idir an dá linn.

Mar atá raite againn cheana, téann rath nó mírath na teanga in Éirinn i bhfeidhm ar staid na teanga i dtíortha eile, go háirithe i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil. Is fiú dúinn go léir suim a chur sna gnóthaí sin, mar sin, go háirithe nuair atá daoine óga ag teacht i dtír ó Éirinn a bhí ag foghlaim Gaeilge le ceithre bliana déag agus nach féidir leo comhrá a dhéanamh inti.

Dúirt Tuarascáil Harris in Éirinn sa bhliain 2007 nach bhfuair fiú an tríú cuid de dhaltaí i scoileanna lán-Bhéarla máistreacht ar an nGaeilge idir na blianta 1985 agus 2002. D'admhaigh beagnach an ceathrú cuid de mhúinteoirí nach raibh acu ach Ghaeilge lag (rud a d'fhéadfadh a leath ar a laghad a rá i ndáiríre). Is beag duine a déarfadh go bhfuil an Ghaeilge á múineadh le fíoréifeacht: is beag dalta a fhágann scoil lán-Bhéarla fós agus Gaeilge ar a thoil aige.

Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta. Tá na páirtithe polaitiúla go léir i bhfabhar múineadh na Gaeilge a fheabhsú. Aithnítear go bhfuil feabhas éigin tagtha ar an gcuraclam, ar an measúnacht agus ar oideachas múinteoirí. Cuirfear curaclam nua comhtháite teanga i bhfeidhm sna bunscoileanna faoi dheireadh na bliana 2014; cuirfear béim ar labhairt na Gaeilge i siollabas nua na meánscoileanna. Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú ar scrúdú cainte Ardteist na Gaeilge (atá ina chúis ghéaire faoi láthair).

Is fíor gur beag ar fad a chaitear ar theangacha Eorpacha le hais a gcaitear ar Ghaeilge: sa bhliain 2011 baineadh teangacha Eorpacha de churaclam na bunscoileanna. Ba chóir go mbeadh na teangacha go léir ina gcuid den tionscadal céanna chun go mbeadh deis ag gach dalta idir Ghaeilge agus Fhraincis, abair, a bheith ar a thoil aige faoi dheireadh a chuid scolaíochta.

Tá rian fágtha ag meath na teanga sa Ghaeltacht ar chúrsaí oideachais. Tá laghdú ag teacht (agus ag teacht go tapa, is dócha) ar an líon páistí atá ag teacht chun scoileanna Gaeltachta le Gaeilge líofa. Tá difríocht mhór idir dhaltaí difriúla maidir le caighdeán a gcuid Gaeilge, agus sin ceann de na deacrachtaí is mó atá ag na múinteoirí. Níl na tuismitheoirí féin ar aon intinn faoi scolaíocht trí Ghaeilge. Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag scrúdú na caoi atá ar oideachas trí Ghaeilge sna scoileanna úd.

Idir an dá linn, tá an Rialtas ag smaoineamh ar rialacha iontrála na ngaelscoileanna a athrú, rud is cúis le conspóid (féach Brendan Delap in *Beo*, Meitheamh 2013). Ní bheidh Gaelcholáistí in ann tosaíocht a thabhairt do dhaltaí a d'fhreastail ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge; beidh orthu glacadh le daltaí de réir an réigiúin – iad a bheith ina gcónaí sa cheantar áitiúil. Beidh an fhadhb chéanna ag tuismitheoirí a bhfuil a gclann i naíonraí lán-Ghaeilge agus ar mian leo áit a fháil do na páistí i ngaelscoil. Pobal scaipthe is ea Gaeilgeoirí na gcathracha agus na mbailte móra, agus is minic nach mbeadh gaelscoil ná gaelcholáiste cóngarach dóibh. Sin díospóireacht nár chríochnaigh fós agus cuirfear na dlíodóirí ag obair dá bharr.

Féach:

\* Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge:

<http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge/Foilseachain/Strait%C3%A9is%2020%20Bliain%20-%20Leagan%20Gaeilge.pdf>

\* 'So many quangos, so little Irish,' Peter McGuire: *Poliglottí4*: [http://poliglottí4.eu/php/media-centre/index.php?doc\\_id=3093&lg=de](http://poliglottí4.eu/php/media-centre/index.php?doc_id=3093&lg=de)

\* 'Irish language policies of the parties' : <http://www.gaelport.com/default.aspx?treeid=37&NewsItemID=5699>

\* 'Rialacha Nua Iontrála ina Bhagairt ar an Ghaelscolaíocht,' Brendan Delap, *Beo*, Eagrán 146, Meitheamh 2013: <http://www.beo.ie/alt-rialacha-nua-iontrala-ina-bhagairt-ar-an-ghaelscol.aspx>



## Cógais fhuaraithe

Is iomaí áit sa domhan seo nach bhfuil bonneagar cóireála ann – áiteanna den saghas a mbíonn *Médecins Sans Frontières* (MSF) ag obair.

Ní mór an teocht cheart i gcógais leighis ó am a ndéanta go dtí an t-am a úsáidtear iad. Tá tábhacht ar leith mar sin le soláthar cógas fuaraithe (an *cold chain*) chun a dhéanamh deimhin de go bhfuil éifeacht leis an ollvaicsiniú a dhéantar in éadan na bruitíni, an mheiningítis agus an chailair.

Is fada an t-aistear ón déantúsóir go dtí na dochtúirí go minic. Scrúdaíonn rannóg lóistíochta Médecins Sans Frontières na cógais chun a fháil amach an bhfuil an teocht cheart iontu. Tugtar iad thar lear in eitleán ansin agus tríd an gcustam, agus is é an turas is deacra atá rompu ansin, as sin go dtí na dochtúirí: iad á n-iompar i gcarr má tá an stáisiún cóireála gar don phríomhchathair, in eitleán nó i heileacaptar más aistear fada é.

I dtír the caithfear cuisneoirí maithe a bheith ann, agus ní mór súil a choinneáil orthu de lá is d'óiche. Úsáidtear pacáí oighir sna stáisiúin chóireála ach ní mhaireann siad ach tréimhse áirithe agus ní mór do MSF a gcuid leictreachais féin a sholáthar chun na pacáí a chaomhnú.

Na deonacháin a thugtar do MSF ar son an tionscadail seo nó ar son aon tionscadail eile tá siad in-asbhainte roimh cháin. Féach <http://www.msf.org.au/>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leagan simplithe

I Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge deirtear gur ceart oideachas páirt-tumtha<sup>1</sup> a thabhairt do gach leanbh. Is ceart freisin oiliúint a thabhairt do mhúinteoirí chun go mbeidís in ann an teanga a labhairt agus a mhúineadh gan dua. Cuirfear gaelscoileanna agus naionraí chun cinn chomh maith.

Is binn iad na moltaí seo ach is í an chuid is fusa den Straitéis atá á cur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá cúlú eacnamíoch ann. Is beag ar fad a chaitear ar theangacha Eorpacha le hais a gcaitear<sup>2</sup> ar Ghaeilge. Ba cheart go mbeadh idir Ghaeilge agus teanga eile a bheith ar a dtoil ag na daltaí, ach teipeann an córas orthu.

Sa Ghaeltacht tá laghdú ag teacht ar an líon páistí atá ag dul ar scoil le Gaeilge líofa. Tá difríocht mhór idir dhaltaí difriúla maidir le caighdeán a gcuid Gaeilge. Chomh maith leis sin, níl na tuismitheoirí féin ar aon intinn faoi scolaíocht trí Ghaeilge.

Mar sin féin, tá dul chun cinn déanta. Aithnítear go bhfuil feabhas tagtha ar an gcuraclam, ar an measúnacht agus ar oideachas múinteoirí. Ach is beag dalta a fhágann scoil lán-Bhéarla agus Gaeilge ar a thoil aige. Cuirfear curaclam nua teanga i bhfeidhm sna bunscoileanna faoi dheireadh na bliana 2014, agus cuirfear béim ar labhairt na Gaeilge i siollabas nua na meánscoileanna.

Idir an dá linn, tá an Rialtas ag smaoineamh ar rialacha iontrála<sup>3</sup> na ngaelscoileanna a athrú. Ní bheadh scoileanna ábalta glacadh le daltaí feasta mura raibh siad ina gcónaí sa cheantar áitiúil. Ach pobal scaipthe is ea na Gaeilgeoirí agus is minic nach mbeadh gaelscoil ná gaelcholáiste cóngarach dóibh.

---

<sup>1</sup> Oideachas páirt-tumtha – partial-immersion education

<sup>2</sup> Le hais a gcaitear – compared to what is spent

<sup>3</sup> Rialacha iontrála – entry rules